An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
TUAIRISC

Coláiste na Toirbhearta
Tír an Iúir, Baile Átha Cliath 6
Uimhir Rolla: 76092K

Dáta na cigireachta: 11 Márta 2011

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

TUAIRISC CHIGIREACHT ÁBHAIR

Scríobhadh an tuairisc seo tar éis cigireacht ábhair i gColáiste na Toirbhearta, Tír an Iúir. Leagann sé amach tátail na meastóireachta maidir le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Ghaeilge agus déanann moltaí d'fhorbairt theagasc an ábhair seo sa scoil. Rinneadh an mheastóireacht thar lá amháin inar thug an cigire cuairt ar sheomraí ranga agus inar breathnaíodh an teagasc agus an fhoghlaim. Bhí caidreamh ag an gcigire leis na scoláirí agus leis na múinteoirí, scrúdaíodh obair na scoláirí agus rinneadh plé leis na múinteoirí. D'athbhreithnigh an cigire doiciméid phleanála na scoile agus ullmhúchán scríofa na múinteoirí. Tar éis na cuairte meastóireachta, thug an cigire aiseolas ó bhéal ar thorthaí na meastóireachta don phríomhoide, don phríomhoide tánaisteach agus do na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

Ranganna ilchumais mheasctha a bhíonn i gceist don Ghaeilge i gColáiste na Toirbhearta sa chéad bhliain. Roinntear na scoláirí sa dara bliain i mí na Samhna idir rang amháin ardleibhéil agus rang gnáthleibhéil, bunaithe ar thorthaí scrúduithe agus ar comhráití leis na scoláirí agus a dtuismitheoirí, más gá. Más mian le scoláirí an leibhéal a athrú ina dhiaidh sin bíonn orthu cead i scríbhinn a fháil óna dtuismitheoirí agus téann an príomhoide i gcomhairle leis na múinteoirí. Leanann an socrú seo sa tríú bliain, sa chúigiú agus sa séú bliain. Ranganna ilchumais mheasctha a bhíonn ann arís san Idirbhliain, socrú a thagann le fealsúnacht an chláir áirthe sin.

Ceithre thréimhse sa tseachtain don Ghaeilge a bhíonn ann do na bliainghrúpaí go léir sa Teastas Sóisearach, soláthar nach bhfuil iomlán sásúil. Moltar go ndéanfadh bainistíocht na scoile iniúchadh ar na féidearthachtaí a bhainfeadh le tréimhse bhreise sa tseachtain a chur ar fáil do cheann amháin do na bliainghrúpaí sa tsraith shóisearach ar a laghad. Cúig thréimhse sa tseachtain don Ghaeilge a bhíonn ann do na bliainghrúpaí ar fad sa tsraith shinsearach, an Idirbhliain san áireamh, soláthar atá an-sásúil ar fad.

Déantar iarrachtaí fónta sa scoil taithí na scoláirí ar an nGaeilge mar theanga bheo a fhorbairt agus a chothú lasmuigh den seomra ranga. Déantar Seachtain na Gaeilge a cheiliúradh trí imeachtaí éagsúla a reáchtáil ar nós céilí, tráth na gceist agus comórtaisí éagsúla. Glacann scoláirí páirt i ndíospóireachtaí Ghael Linn chomh maith. Eagraítear Club Gaeilge sa scoil go tráthrialta chun deis a thabhairt do scoláirí teacht le chéile agus an teanga a labhairt i suíomh neamhfhoirmeálta. Tógtar scoláirí na hIdirbhliana ar thuras deireadh seachtaine chuig Gaeltacht Rath Cairn. Moltar obair na múinteoirí i leith chlár imeachtaí taitneamhacha spéisiúla a eagrú. Is léir go bhfuil foireann na Gaeilge tiomanta d'eispeireas na scoláirí ar an nGaeilge mar theanga lasmuigh den seomra ranga a leathnú. Chun tógaint ar an obair fhónta atá ar siúl moltar go n-eagrófaí sraith imeachtaí Gaelacha agus ócáidí labhartha Gaeilge le linn na scoilbhliana go léir chun taithí na scoláirí ar an nGaeilge mar theanga bheo chomhaimseartha a leathnú. Tugadh go

leor smaointí agus moltaí don fhoireann Ghaeilge agus do bhainistíocht na scoile, le linn na cuairte cigireachta, i leith na gcineálacha ócáidí a d'fhéadfaí a eagrú.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

Tagann na múinteoirí Gaeilge le chéile uair sa téarma chun pleanáil a dhéanamh do mhúineadh agus foghlaim na teanga i gcoitinne. Déantar cúram comhordú ar phleanáil do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge sa scoil a mhalartú idir na múinteoirí Gaeilge. Moltar an cleachtas seo toisc go dtugann sé deis do na múinteoirí Gaeilge ar fad ról ceannródaíoch a ghlacadh i leith fhorbairt na pleanála agus i leith cur chun cinn na teanga i gcoitinne. D'fhéadfaí an cúram a mhalartú idir mhúinteoirí gach re bliain chun leanúnachas a chothú.

Coiméadtar cáipéisíocht na Gaeilge, an plean don Ghaeilge san áireamh i dtrí chód éagsúil. Cuimsíonn cód amháin na siollabais Ghaeilge ar fad, ciorcláin, miontuairiscí cruinnithe agus eolas a bhaineann le múineadh na Gaeilge go ginearálta. Cuimsíonn an plean don Ghaeilge eolas faoi leagan amach na ranganna, liosta téacsleabhar, dáileadh agus rangú scoláirí, pleanáil thráschuraclaim agus eolas faoi mhodhanna cuntais agus tuairisce. Moltar an obair a rinneadh go dáta ar chúrsaí pleanála. Moltar áfach, go ndéanfaí tuilleadh oibre ar an bplean do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge go ginearálta ag tógaint sna áireamh nithe a bhaineann le múineadh na teanga, mar shampla, cur síos níos leithne ar aidhmeanna agus cuspóirí roinn na Gaeilge agus eolas níos cuimsithí faoi phleanáil thraschuraclaim agus imeachtaí eischuraclaim agus comhchuraclaim.

Cuireadh scéimeanna oibre na múinteoirí do na bliainghrúpaí agus do na leibhéil ar fad ar fáil freisin. Moltar an obair a rinneadh ar na scéimeanna oibre go dtí seo. Moltar, áfach go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar na scéimeanna oibre sin ag tógaint san áireamh breis eolais faoi mhodheolaíochtaí, úsáid áiseanna agus acmhainní sa rang, spriocanna foghlama do na scoláirí ag na leibhéil éagsúla agus modhanna measúnaithe chun na spriocanna foghlama a mheas. Moltar go mbeadh na scéimeanna oibre leagtha amach ar theimpléad chomónta agus go mbainfí úsáid astu mar dhoiciméid oibre le linn na bliana ionas go bhféadfaí athruithe agus leasuithe de réir mar is cuí a chur isteach don chéad bhliain eile. Moltar go ndéanfaí tagairt freisin d'úsáid theicneolaíocht faisnéise agus na cumarsáide (TFC) sna scéimeanna oibre mar acmhainn thacaíochta d'fhoghlaim na scoláirí.

Cuireadh plean ar fáil ar lá na cigireachta do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge san Idirbhliain. Bhí an plean leagtha amach de réir téarma – cur chuige a mholtar. Braitheadh, áfach, go raibh an t-ábhar breise a leagadh amach le clúdach le linn na bliana dírithe go príomha ar staidéar ar an nGaeilge mar theanga ársa. Cé go dtuigtear an tábhacht a bhaineann le traidisiúin ársa na nGael, moltar go dtabharfaí taithí agus eolas do na scoláirí ar an nGaeilge mar theanga bheo chomhaimseartha atá á labhairt in áiteanna áirithe sa tír sa lá atá inniu ann. Is gá go mbeadh cothromaíocht idir an dá ghné d'fhoghlaim na teanga.

Rinneadh pleanáil an-mhaith do na ceachtanna a breathnaíodh. Ba léir go raibh réamhmhachnamh déanta ar aidhmeanna agus spriocanna foghlama do na scoláirí. Cuireadh obair an cheachta in airde i gcúpla cás a breathnaíodh. Moltar go ndéanfaí amhlaidh sna ranganna go léir agus go roinnfí na spriocanna foghlama leis na scoláirí chomh maith leis an obair a bheadh le clúdach le linn na tréimhse. Ullmhaíodh a lán nótaí agus bileoga saothair ar ardchaighdeán, le scaipeadh ar scoláirí le linn na gceachtanna.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga bhainistíochta, mhúinte agus chaidrimh an-mhaith sna ranganna a breathnaíodh. Rinneadh iarrachtaí fónta gan dul i muinín an aistriúcháin ó Ghaeilge go Béarla agus bhain múinteoirí úsáid as seifteanna éagsúla eile le cinntiú gur thuig scoláirí ábhair an cheachta. Moltar tiomántas na múinteoirí d'úsáid na sprioctheanga. Rinne scoláirí iarrachtaí fónta an Ghaeilge a úsáid mar theanga chumarsáide leis an múinteoir agus i gcásanna áirithe ina measc féin fad is a bhí obair bheirte ar siúl agus moltar a gcuid iarrachtaí go mór.

Baineadh úsáid as straitéisí maithe chun cumarsáid a chothú idir scoláirí sa sprioctheanga. Bhain múinteoirí úsáid as obair bheirte, agallaimh bheirte, geandáil gasta agus obair ghrúpa i gcásanna áirithe a breathnaíodh agus moltar na straitéisí sin go mór. I gcás amháin cuireadh tús leis an gceacht le saorchomhrá idir an múinteoir agus na scoláirí ar cheisteanna éagsúla a bhain le saol na scoláirí. Bhí cleachtas na cumarsáide le feiceáil go soiléir, i gcásanna áirithe, i measc na scoláirí, áit ar léirigh scoláirí muinín i labhairt na sprioctheanga. Moltar go mór an bealach ar crochadh abairtí agus frasaí cumarsáide le húsáid sa rang in airde i seomra ranga amháin a breathnaíodh. Baineadh úsáid as na habairtí le linn na gceachtanna agus i gcás amháin rinneadh cleachtadh orthu ag tús an ranga ionas nach mbeadh sé de leithscéal ag aon scoláire Béarla a úsáid leis an múinteoir nuair nach raibh aon ghá leis. Is cur chuige an-éifeachtach é seo agus moltar obair an mhúinteora ina leith go mór. Bhí na seomraí ranga a breathnaíodh maisithe ar bhealach fíor-dheas ar fad le neart ábhair in airde a bhain le múineadh agus foghlaim na teanga agus a bhí úsáideach le linn na gceachtanna do na scoláirí.

Éilíodh abairtí iomlána mar fhreagraí ar cheisteanna i roinnt cásanna a breathnaíodh ach ní raibh sé sé sin fíor i gcás gach ceachta. Moltar an cleachtas seo a chur i bhfeidhm sna ranganna go léir. Tá sé an-tábhachtach go bhfaigheadh scoláirí taithí ar abairtí iomlána a chur le chéile chun a gcur amach ar chomhréir na Gaeilge a leathnú agus a fhorbairt. Ceartaíodh cúrsaí foghraíochta agus cruinneas na Gaeilge nuair a bhí gá leis le linn roinnt ceachtanna agus moltar an cur chuige sin a leathnú chuig na ranganna go léir. Moltar na hiarrachtaí a rinneadh i gcásanna áirithe Gaeilge na scoláirí a shaibhriú agus a fhorbairt trí fhoclóir agus frásaí breise a thabhairt dóibh.

Chuaigh na múinteoirí timpeall na seomraí ranga ag cabhrú le scoláirí, ag ceartú a gcuid oibre agus ag cinntiú go raibh obair á cur i gcrích nuair a bhí gníomhaíochtaí ranga ar siúl. Rinne scoláirí a ndícheall go minic an sprioctheanga a úsáid leis an múinteoir. Tugadh moladh leanúnach do scoláirí as ucht a gcuid oibre agus iarrachtaí. Baineadh úsáid as an ngreann i gcúpla cás a breathnaíodh, seift a chuir le spéis na scoláirí san ábhar agus a chuir le héifeacht na múinteoireachta. Bhí na scoláirí go léir ag obair go dícheallach sna ranganna a breathnaíodh agus bhí cúrsaí araíonachta ar fheabhas.

Tugadh suntas don bhealach ar baineadh úsáid as moladh de chuid na Seirbhíse Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge i gceacht amháin a breathnaíodh, áit ar múineadh dán ar an gcúrsa trí chluiche éisteachta agus gníomhaíochtaí eile ranga. Baineadh úsáid as cluiche i gcás eile a raibh sé mar chuspóir aige na scoláirí a chur ag caint lena chéile sa sprioctheanga agus d'éirigh go maith leis sin. Ghlac na scoláirí páirt sa ghníomhaíocht go fonnmhar agus shiúil an múinteoir timpeall ina measc ag cabhrú leo agus á spreagadh.

Baineadh úsáid as an osteilgeoir agus as léarscáil le linn cúpla ceacht a breathnaíodh. Seachas na hacmhainní teagaisc sin agus an téacsleabhar is beag acmhainn nó áis eile ar baineadh úsáid astu le linn na gceachtanna Gaeilge. Moltar go mbainfí úsáid rialta as réimse leathan áiseanna agus acmhainní chun múineadh agus foghlaim na teanga a dhéanamh níos ábharaí agus níos spéisiúla do na scoláirí. Is féidir úsáid a bhaint as ceol, podchraoltaí, TFC, scannáin, cláracha raidió agus

teilifíse, póstaeir, grianghraif agus na meáin chumarsáide chlóite chun foghlaim na Gaeilge a chur i gcomhthéacs comhaimseartha do scoláirí. Is cur chuige fíor-éifeachtach é úsáid na n-acmhainní sin agus gnéithe éagsúla den teanga á múineadh, prós agus litríocht na Gaeilge ach go háirithe.

MEASÚNÚ

Eagraítear scrúduithe scoile foirmeálta faoi dhó sa bhliain, san Earrach agus sa Samhradh. Baintear úsáid as measúnú leanúnach chomh maith agus cuirtear tástálacha beaga ranga ar scoláirí go tráthrialta agus ag deireadh topaicí. Cuirtear tuairiscí abhaile chuig tuismitheoirí le torthaí an dá phríomhscrúdú. Tuairiscíodh go bhfuil béim mhór á leagan ar úsáid na dialainne scoile le dhá bhliain anuas ach sa bhliain reatha ag go háirithe. Tá ag éirí go maith leis an gcur chuige sin agus coimeádtar múinteoirí agus tuismitheoirí araon ar an eolas faoi dhul chun cinn gach scoláire.

Níl aon pholasaí foirmeálta i bhfeidhm sa scoil maidir le measúnú cumas labhartha Gaeilge na scoláirí. Moltar mar sin go n-aontódh na múinteoirí ar pholasaí a chinnteodh go ndéanfaí measúnú foirmeálta ar gach scoláire sa scoil ar bhonn bliantúil agus go gcuirfí torthaí an mheasúnaithe sin in iúl do thuismitheoirí trí na tuairisci scoile mar mhír ann féin. Moltar freisin go scríobhfaí chuig tuismitheoirí ag meabhrú dóibh go bhfuil athrú suntasach le teacht ar chóras measúnaithe na scrúduithe stáit sa Ghaeilge agus go mbeidh béim bhreise á leagan ar chumas cainte sa teanga. Tá cúrsa Gaeilge lae ag tosú sa scoil an samhradh seo agus moltar go gcuirfí na tuismitheoirí ar an eolas faoin chúrsa sin, cúrsaí eile in aice láimhe agus cúrsaí Gaeilge cónaithe sa Ghaeltacht agus lasmuigh di. Is féidir le scoláirí sa scoil cur isteach ar scoláireaachtaí Gaeltachta trí chóras scoláireachta an Choiste Gairmoideachais. Bronntar líon áirithe scoláireachtaí gach bliain agus is acmhainn an-luachmhar iad don scoil agus do na scoláirí a fhaigheann iad.

Bhí go leor oibre déanta sna cóipleabhair a breathnaíodh. Tugadh suntas freisin do na filltéain agus do na cóipleabhair ina raibh nótaí cuimsitheacha ar ghnéithe éagsúla d'fhoghlaim na teanga agus nótaí ar na cúrsaí litríochta. Ba léir ón obair a breathnaíodh sna cóipleabhair go dtugtar agus go gceartaítear an obair go rialta. Moltar, áfach, go dtabharfaí níos mó eolais do scoláirí ar an dul chun cinn atá á dhéanamh acu trí mharc, grád agus tagairtí d'fhiúntas na hoibre agus d'eilimintí oibre a d'fhéadfaí breis ama a chaitheamh leo.

ACHOIMRE AR NA PRÍOMHCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ

Is iad seo a leanas príomhchinnti na cigireachta:

- Moltar an obair atá ar siúl ag na múinteoirí chun taithí na scoláirí ar an nGaeilge mar theanga bheo a leathnú agus a fhorbairt lasmuigh den seomra ranga.
- Moltar an obair a rinneadh go dáta ar phleanáil don Ghaeilge agus ar na scéimeanna oibre a leagadh amach do na bliainghrúpaí agus do na leibhéil go léir.
- Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga bhainistíochta, mhúinte agus chaidrimh an-mhaith sna ranganna a breathaníodh.
- Cuireadh straitéisí maithe i bhfeidhm sna ranganna a breathnaíodh chun cumarsáid sa sprioctheanga a spreagadh agus a éascú i measc na scoláirí.
- Breathnaíodh roinnt dea-chleachtais mhúinteoireachta sna ranganna a breathnaíodh agus tugadh suntas do chur i bhfeidhm moltaí ón tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge.

Déantar na mórmholtaí seo a leanas ar mhaithe le cur leis na buanna seo agus le réimsí forbartha a aithint:

- Moltar go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar an bpleanáil do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge sa scoil ag tógaint san áireamh pleanáil d'úsáid TFC le linn na ranganna Gaeilge.
- Moltar go mbainfí úsáid as réimse i bhfad níos leithne acmhainní agus ábhair sna ranganna Gaeilge chun tacú le foghlaim na scoláirí.
- Moltar go gcuirfí córas measúnaithe ar scileanna labhartha na Gaeilge i bhfeidhm ón gcéad bhliain ar aghaidh.

Eagraíodh cruinnithe iarmheastóireachta leis na múinteoirí Gaeilge, leis an bpríomhoide agus leis an bpríomhoide tánaisteach, ag deireadh na meastóireachta mar ar cuireadh i láthair agus ar pléadh na dréacht-chinntí agus moltaí.

Foilsithe Nollaig 2011